I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

RÚIN

COISTE NA RÉIGIÚN

AN 138ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN, 11.02.2020 – 12.02.2020

Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún – Straitéis Bhliantúil 2020 don Fhás Inbhuanaithe

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (An Coiste),

— ag féachaint don Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Straitéis Bhliantúil 2020 don Fhás Inbhuanaithe (ASGS) ([1]);

— ag féachaint dá rún an 9 Deireadh Fómhair 2019 maidir le Seimeastar Eorpach 2019 agus i bhfianaise Shuirbhé Bliantúil Fáis 2020 ([2]);

Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach

1. ag cur in iúl gur díol sásaimh dó go bhfeidhmeoidh ASGS 2020 mar phointe tosaigh chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach, óir fágann sin tréimhse níos faide agus fócas níos leithne ag an Seimeastar Eorpach in ionad é a bheith dírithe ar ábhair imní a bhaineann go hiomlán leis an ngeilleagar agus orthu sin amháin;

2. den tuairim nach foláir athrú ó bhonn a dhéanamh ar an rialachas agus ar an smaointeoireacht is bonn le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh ina iomláine, agus díriú athuair ar úinéireacht an tSeimeastair Eorpaigh ar an leibhéal áitiúil, má táthar le ASGS a úsáid mar uirlis comhordaithe beartais lena gcuirfí an Comhaontú Glas don Eoraip chun feidhme;

3. á chur i bhfáth nach mór aghaidh a thabhairt, ar bhealach iomlánaíoch, ar gach gné den fhorbairt inbhuanaithe (an t-iomaíochas, an chuimsitheacht, an comhshaol, an dea-rialachas) atá níos leithne ná an Comhaontú Glas féin d'fhonn na SDGannna a chur i gcrích; chuige sin, beidh comhleanúnachas ó thaobh beartas ag teastáil a fhad a bhaineann le comhbhabhtálacha agus le dúshláin dáileacháin. Áirítear leis sin freisin feabhas a chur ar na gnéithe cultúrtha agus sóisialta a bhaineann le heolas a tháirgeadh, le heolas a roinnt agus leis an nuálaíocht. Leis an Seimeastar Eorpach, ba cheart go mbeadh an uile leibhéal rialtais agus na geallsealbhóirí ábhartha, ag obair dóibh i gcomhpháirtíocht le chéile, in ann na comhbhabhtálacha sin a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, an smaointeoireacht neamh-chomhtháite a sheachaint agus an comhleanúnachas a áirithiú, agus na SDGanna á bpríomhshruthú acu ó réimse beartais go chéile ag an am céanna;

4. ag cur in iúl gur díol sásaimh dó gur fógraíodh go mbeadh ranna sonracha sna Tuarascálacha de réir Tíre agus sna Cláir Náisiúnta um Athchóiriú dírithe ar fhaireachán a dhéanamh ar na SDGanna agus ar mheasúnú a dhéanamh ar bheartais ghaolmhara, agus go n-áireofaí faoi na Moltaí Tírshonracha rannchuidiú sonrach gach tíre maidir leis na SDGanna; á thabhairt dá aire gur gá a chur san áireamh, agus na SDGanna á gcomhtháthú sa Seimeastar Eorpach, nach mar a chéile ó chríoch go chéile an pointe tosaigh ábhartha agus go bhfuil gá le bonn iomchuí staidrimh chun faireachán a dhéanamh ar na SDGanna ar an leibhéal réigiúnach;

([1]) https://ec.europa.eu/info/publications/2020-european-semester-annual-sustainable-growth-strategy_ga
([2]) https://webapi2016.cor.europa.eu/v1/documents/cor-2019-03856-00-00-res-tra-en.docx/content

5. ag iarraidh tráthchlár soiléir agus spriocanna atá soiléir intomhaiste agus faoi cheangal ama chun na SDGanna a chur i gcrích, i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Chomhaontú Glas agus in ASGS araon; á chur i bhfáth gur cheart na spriocanna agus na hamlínte sin a shocrú trí phróiseas measctha, is é sin le rá próiseas ón mbarr anuas agus ón mbun aníos araon, ina n-oibreodh an uile leibhéal rialtais agus na geallsealbhóirí ábhartha i gcomhpháirtíocht le chéile;

6. ag teacht le héirim fhoriomlán na moltaí atá déanta do Bhallstáit an limistéir euro, agus á thabhairt dá haire, os a choinne sin, go dtacaíonn siad ar éigean leis na huaillmhianta maidir le glasú agus cuimsiú atá de dhlúth agus d'inneach na SDGanna agus an Chomhaontaithe Ghlais, agus nach leagtar béim leordhóthanach sna moltaí sin ar na dúshláin bheartais a thagann chun cinn toisc nach mar a chéile an pointe tosaigh ó chríoch go chéile;

7. á thabhairt dá aire go mbeartaítear leis an bPlean Infheistíochta don Eoraip Inbhuanaithe EUR 1 trilliún d'infheistíocht inbhuanaithe a shlógadh sna deich mbliana amach romhainn; aiféalach, áfach, gurb é atá sa Phlean den chuid is mó, meascán de bhearta, de thionscnaimh agus d'uirlisí airgeadais atá ann cheana féin nó atá pleanáilte roimh ré, ach iad a bheith curtha faoi cheannteideal comhchoiteann anois; imníoch, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé nach mbeadh an Plean sin i riocht na hacmhainní airgeadais agus an comhordú is gá a shlógadh chun cur chun feidhme éifeachtach na SDGanna san Eoraip a áirithiú faoi 2030; ag iarraidh, i ndáil leis sin, go ndéanfaí measúnú breise ar na fíorchostais a bhaineann leis an aistriú i dtreo na forbartha inbhuanaithe agus go ndéanfaí plean níos mionsonraithe maidir le maoiniú na SDGanna; den tuairim gur cheart aird ar leith a dhíriú ar thionscnaimh nuálaíochta a spreagadh, ar tionscnaimh arna ndéanamh ar bhonn comhoibríoch idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha agus arna dtiomáint chun cinn ag cathracha agus ag réigiúin iad;

8. ag leagan béim ar an ngá atá ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, ionas gur féidir miondealú difreáilte a dhéanamh ar na hacmhainní airgeadais a theastaíonn chun an infheistíocht phoiblí a chistiú ar gach leibhéal rialtais d'fhonn an Comhaontú Glas a chur chun feidhme;

9. ag aontú leis go bhfuil athchóirithe struchtúracha arna ndéanamh sna Ballstáit ar na réimsí beartais straitéiseacha a bhaineann le cuspóirí an Chonartha agus beartais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme ríthábhachtach le haghaidh chóineasú agus iomaíochas an Aontais, lena n-áirítear an margadh aonair a dhoimhniú. Creat úsáideach atá sa Seimeastar Eorpach chun na hathchóirithe sin a chur chun cinn, ar choinníoll go ndéantar raon feidhme na n-athchóirithe struchtúracha atá incháilithe do chistiú an Aontais a shainiú de réir phrionsabal na coimhdeachta agus ar choinníoll go mbeidh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach ann mar chomhpháirtithe iomlána;

Gné chríochach an tSeimeastair Eorpaigh

10. ag cur in iúl gur díol sásaimh dó an bhéim atá leagtha ar an méadú atá ag teacht ar éagothromaíochtaí réigiúnacha agus ar dhúshláin ghaolmhara maidir leis an bhfás agus leis an gcomhtháthú ar fud na mBallstát agus laistigh díobh; á chur i bhfios go láidir go mbíonn tionchar mór ag na héagsúlachtaí sna pointí tosaigh ar an gcaoi a ndéanann na Ballstáit agus a gcuid réigiún a mbeartais inbhuanaitheachta a dhearadh agus a chur chun feidhme; á chur i bhfáth gur cheart aghaidh a thabhairt ar na héagsúlachtaí críochacha trí bheartais áit-bhunaithe, agus leas á bhaint as measúnuithe tionchair críochacha mar thaca leo;

11. ag tarraingt aird ar ábharthacht mhéadaithe na dTuarascálacha de réir Tíre, go háirithe Iarscríbhinn D a ghabhann leo, lena dtabharfar treoir maidir le beartais infheistíochta ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear iad siúd a chistítear faoin mBeartas Comhtháthaithe agus faoin gCiste um Aistriú Cóir; á chur i bhfios go láidir, de réir thorthaí shuirbhé de chuid an Choiste ar na comhlachais náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar chathracha agus réigiúin os comhair a rialtas náisiúnta, nach raibh baint leordhóthanach ag a rialtais náisiúnta leis an ullmhúchán ná leis an bplé a rinneadh ar Iarscríbhinn D ar an leibhéal polaitiúil, agus gur minic nach dtugtar léargas cruinn in Iarscríbhinn D ar na riachtanais infheistíochta atá acu;

12. á chur i bhfáth go bhfuil gá le comhsheasmhacht agus comhordú láidir idir an Seimeastar Eorpach agus an beartas comhtháthaithe chun na cuspóirí i dtaca le hinbhuanaitheacht agus cuimsiú sóisialta atá sa Chomhaontú Glas a bhaint amach; ní ar na daoine is leochailí a chuirfear costais an aistrithe i dtreo na forbartha inbhuanaithe; dá bhrí sin, ní mór don Sásra um Aistriú Cóir tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil do na daoine agus do na réigiúin is mó atá thíos leis, go háirithe dóibh siúd atá ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, cuir i gcás réigiúin a bhfuil córais fuinnimh scoite acu, agus do thionscail dianfhuinnimh agus do na tionscail sin a fhágtar thíos leis na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis an athrú sa tsamhail fuinnimh, tar éis dóibh a ngealltanais maidir le dícharbónú a chomhlíonadh; ag cur in iúl, ina theannta sin, gur díol sásaimh dó rialachas an Chiste um Aistrú Cóir a bheith bunaithe ar Rialachán na bhForálacha Coiteann (CPR) agus ag iarraidh go mbeadh critéir shoiléire agus oibiachtúla ann maidir le leithdháileadh;

Gné shóisialta an tSeimeastair Eorpaigh

13. ag tacú le comhtháthú na SDGanna sa phleanáil don straitéis eacnamaíoch inbhuanaithe, go háirithe ós rud é go bhfuil na spriocanna ag teacht cuid mhaith le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; ag cur in iúl, dá bhrí sin, gur díol sásaimh dó an teachtaireacht a eisíodh le déanaí maidir le hEoraip láidir shóisialta d'aistrithe córa ([3]) agus ag iarraidh go gcuirfear i láthair go pras an plean gníomhaíochta chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme;

14. ag iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh gníomhaíochta a mholadh chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní agus an bhearna phá idir na hinscní a laghdú;

15. ag cur in iúl gur díol sásaimh dó gur cuireadh gné réigiúnach san áireamh sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht is déanaí, atá dealraitheach le "Scórchlár Sóisialta Réigiúnach Eorpach" an Choiste a eisíodh i mí Mheán Fómhair 2019;

16. imníoch, ar an gcaoi chéanna is atá an Coimisiún, faoi na héifeachtaí diúltacha a leanfaidh aosú an daonra agus faoi dhúshláin dhéimeagrafacha eile amhail pobail ísealdlúis agus scaipthe, líon an aosa óig a bheith ag laghdú agus an ráta breithe a bheith ag titim, agus ag iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí a chur san áireamh a fhaightear sa tuairim ón gCoiste dar teideal *Demographic change: proposals on measuring and tackling its negative effects on EU regions and on The EU response to the demographic challenge* [Athruithe Déimeagrafacha: Tograí maidir le hÉifeachtaí Diúltacha na nAthruithe sin ar Réigiúin an Aontais Eorpaigh agus Freagairt an Aontais do Dhúshlán na Déimeagrafaíochta a Thomhas agus Dul i nGleic leo];

Rialachas an tSeimeastair Eorpaigh

17. á thabhairt dá aire nach féidir le samhail fáis an Aontais cur go rathúil leis na cuspóirí domhanda a chumhdaítear sna SDGanna agus sa Chomhaontú Glas mura n-áiritheofar comhordú ceart leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha. Tá an Coiste á athdhearbhú gur gá úinéireacht an tSeimeastair Eorpaigh a mhéadú ar an leibhéal áitiúil chun go mbeidh sé níos éifeachtaí i ndáil leis an sprioc nua uaillmhianach atá ag an Aontas na SDGanna a chur i gcrích, go háirithe toisc nach féidir, de réir na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), 65 % de spriocanna na SDGanna, lán 169 sprioc díobh san iomlán, a chur i gcrích gan rannpháirtíocht iomlán na n-údarás réigiúnach agus áitiúil ná gan comhordú iomlán a dhéanamh leo. Ionas go mbainfear amach na gealltanais a thugtar sa Seimeastar, ba cheart an uile leibhéal rialtais agus na geallsealbhóirí ábhartha a bheith rannpháirteach ann mar chomhpháirtithe, in ionad a bheith i dtortaobh leis na cleachtais reatha arb é is mó atá i gceist leo comhairliúchán a dhéanamh ag na céimeanna deiridh de phróiseas an tSeimeastair. Ba cheart an cur chuige comhpháirtíochta sin a ghlacadh mar ábhar práinne agus cur chun feidhme na SDGanna a chur i gcrích ar an leibhéal áitiúil trí leas a bhaint as cuspóirí agus spriocanna áitbhunaithe agus creataí ama gaolmhara; chuige sin, ní mór breis béime a chur ar ghealltanais oibríochtúla maidir leis na SDGanna agus ar athbhreithnithe áitiúla deonacha arna ndéanamh ar phróisis chur chun feidhme na SDGanna;

18. á chur i bhfios go láidir go dtugtar treoir anois sa Seimeastar Eorpach maidir le clársceidealú na n-infheistíochtaí atá le comhchistiú faoi Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (SIE), agus maidir leis an Ionstraim Bhuiséadach um Chóineasú agus um Iomaíochas atá beartaithe. Tá an Coiste ag tabhairt rabhaidh, áfach, faoin mbaol a bhaineann le cur chuige an tSeimeastair Eorpaigh, ar cur chuige láraithe ón mbarr anuas é, lena gcuirtear srianta míchuí ar chur chuige an Bheartais Comhtháthaithe, ar cur chuige dílárаithe ón mbun aníos é sin, agus ar a chuid beartas áit-bhunaithe; ag iarraidh freisin go mbeadh comhsheasmhacht ann idir cur chuige clársceidealaithe ilbhliantúil an Bheartais Comhtháthaithe agus an Seimeastar Eorpach;

19. ag áitiú ar an Aontas próisis rialachais an tSeimeastair Eorpaigh agus beartas comhtháthaithe an Aontais a chomhordú go héifeachtach bunaithe ar na prionsabail chéanna a fhad a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht agus leis an rialachas il-leibhéil; ag athdhearbhú a thuairime maidir leis na naisc idir an beartas comhtháthaithe agus an Seimeastar Eorpach; ag athdhearbhú a thogra maidir le Cód Iompair ([4]) a d'fhágfadh ról ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa Seimeastar Eorpach mar chomhpháirtithe iomlána, cosúil leis an gCód Iompair maidir le comhpháirtíocht i Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2014-2020; ag leagan béim ar an ngá atá ann úsáid na mbeartas atá cistithe ag an Aontas a chur chun cinn le haghaidh fhothú acmhainneachta na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus ag meabhrú na tuairime a d'eisigh sé le déanaí ar an ábhar sin ([5]); aiféalach nach soláthraítear sa Tuarascáil Faireacháin Bhliantúil maidir le cur chun feidhme Chlár Tacaíochta 2018 um Athchóiriú Struchtúrach sonraí faoin úsáid a bhaineann na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha as an gclár;

20. ag lua freisin nach mór do na geallsealbhóirí, lena n-áirítear na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, a bheith rannpháirteach go gníomhach i gcur i gcrích na SDGanna féin. Dá bhrí sin, agus deireadh tagtha le sainordú ardán geallsealbhóirí an Aontais maidir leis na SDGanna, ba cheart sainiú a dhéanamh ar chineálacha nua rannpháirtíochta geallsealbhóirí i gcur chun feidhme na SDGanna, go háirithe tríd an Seimeastar Eorpach, ach iad a bheith chomh huaillmhianach céanna;

([3]) COM(2020) 14 críochnaitheach

([4]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir le *Feabhas a chur ar Rialachas an tSeimeastair Eorpaigh: Cód Iompair do Rannpháirtíocht na nÚdarás Áitiúil agus Réigiúnach*. Rapporteur Rob Jonkman (NL/ECR). Glacadh í an 11 Bealtaine 2017 (IO C 306, 15.9.2017, lch. 24) (Níl leagan GA ann; teideal aistrithe).

([5]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir le *Feabhas a chur ar Acmhainneacht Riaracháin na nÚdarás Áitiúil agus Réigiúnach chun Infheistíochtaí agus Athchóirithe Struchtúracha a Neartú in 2021-2027*. Rapporteur Manuela bora (IT/PES). Glacadh í an 4 Nollaig 2019 (IO C 79, 10.3.2020, lch. 25).

21. á threorú dá Uachtarán an rún seo a chuig ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Uachtaránacht na Cróite ar an gComhairle agus chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí.

An Bhruiséil, 12 Feabhra 2020

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún

Apostolos TZITZIKOSTAS